



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/708 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Aibreán 2025

**maidir le fearóiciainíd sóidiam agus fearóiciainíd photaisiam a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le
haghaidh gach speicis ainmhíoch agus lena Chaiaisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 ón gCoimisiún ⁽³⁾ údaraíodh fearóiciainíd sóidiam agus fearóiciainíd photaisiam gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin isteach i gClár na mbreiseáin beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana agus a bhaineann leis an ngrúpa ceanglóirí, oibreáin frithstolptha agus téachtaigh, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas ar athmheastóireacht ar fhearóiciainíd sóidiam agus ar fhearóiciainíd photaisiam mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí na breiseáin sin i gcatagóir na mbreiseáin 'breiseáin theicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'oibreáin frithstolptha'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 21 Márta 2023 ⁽⁴⁾ agus an 4 Meitheamh 2024 ⁽⁵⁾ go raibh úsáid fearóiciainíde sóidiam agus fearóiciainíde potaisiam sábháilte d'ainmhithe, nuair a chuirtear le clóiríd sóidiam iad ag an uaschion a shonraítear a thuilleadh sna tuairimí, agus nárbh údar inní iad do shábháilteacht tomhaltóirí faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nár ghreannaitheoirí craicinn ná súl ná íogróirí craicinn iad fearóiciainíd sóidiam agus fearóiciainíd photaisiam. Toisc go bhfuil nicil i láthair i bhfearóiciainíd sóidiam, áfach, measadh gur íogróir deirmeach agus riospráide í. Ní fhéadfaí teacht ar aon chonclúid maidir le sábháilteacht don úsáideoir a nochtfaí d'fhearóiciainíd photaisiam trí ionanálú. Measadh go bhfuil úsáid fearóiciainíde sóidiam agus fearóiciainíde potaisiam mar bhreiseáin bheathaithe sábháilte don chomhshaol. Measadh go bhfuil fearóiciainíd sóidiam agus fearóiciainíd photaisiam éifeachtúil mar oibreáin frithstolptha nuair a chuimsítear i gclóiríd sóidiam iad ag na leibhéil úsáide atá beartaithe. D'fhóraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar na mbreiseáin bheathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2005 maidir le húdarú nua ar feadh 10 mbliana le haghaidh breiseáin in ábhair bheatha, maidir le húdarú buan breiseáin áirithe in ábhair bheatha agus maidir le húdarú sealadach le haghaidh úsáidí nua breiseáin áirithe atá údaraithe cheana in ábhair bheatha (IO L 291, 5.11.2005, lch. 5, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1810/oj>).

⁽⁴⁾ EFSA Journal 2024; 22(7): 7960. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7960>.

⁽⁵⁾ EFSA Journal 2024; 22(7): e8851. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8851>.

- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann fearóiciainíd sóidiam agus fearóiciainíd photaisiam na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseán sin a chosc.
- (6) Ós rud é nach bhfuil aon saincheist sábháilteachta ann ar gá na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach mar gheall uirthi, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh páirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaintí iad a bhaineann leis an gcatagóir breiseán ‘breiseáin theicniúla’ agus leis an bhfeidhmghrúpa ‘oibreáin frithstolptha’, údaraítear iad mar bhreiseáin bheathaithe i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairm Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. Na breiseáin bheathaithe fearóiciainíd sóidiam agus fearóiciainíd photaisiam, mar a údaraítear iad de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1810/2005 ón gCoimisiún, agus réamh-mheascáin a bhfuil na breiseáin sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Samhain 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Bealtaine 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Bealtaine 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Bealtaine 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 4 Bealtaine 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 4 Bealtaine 2025, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg d'fhearóiciainíd sóidiam (arna ríomh mar ian fearóiciainíde)/kg NaCl			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha								
11535	Fearóiciain-íd sóidiam	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Fearóiciainíd sóidiam ≥ 99 % Foirm sholadach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Fearóiciainíd sóidiam arna táirgeadh trí shintéis cheimiceach Uimhir CAS: 13601-19-9 Foirmle cheimiceach: Na₄[Fe(CN)₆] 10H₂O Taise ≤ 1 % Ábhar dothuaslagtha in uisce ≤ 0,03 % Ian clóiríde (Cl⁻) ≤ 0,2 % Sulfáit (SO₄) ≤ 0,1 % Ciainíd shaor do-bhraite Fearóiciainíd do-bhraite <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Maidir le fearóiciainíd sóidiam sa bhreiseán beathaithe a shaintréithriú: — Monagraf FAO JECFA <i>Ferrocyanides of calcium, potassium and sodium</i> Maidir le fearóiciainíd i gclóiríd sóidiam a chinneadh: — speictreafótaiméadracht ag 700 nm	Turcaithe lena ramhrú agus turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin Béaróga Mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin Speicis muc-ainmhithe Athchogant-aigh Ainmhithe de chineál camaill Coiníní Eachainmhithe Éisc eite Madraí Cait	—	—	80	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrú na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 2. Is i gclóiríd sóidiam amháin a úsáidfear an breiseán. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrú an méid seo a leanas: 'Ná measc fearóiciainíd sóidiam le haigéid láidre' ⁽²⁾. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascirt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don anáil.	4 Bealtaine 2035
			Gach speiceas ainmhíoch eile	—	—	60		

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(2) Aigéid láidre: aigéid a bhfuil $pK_a < -2$ in uisce acu.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg d'fhearóiciainíd photaisiam (arna ríomh mar ian fearóiciainíde)/kg NaCl			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha								
11536	Fearóiciainíd photaisiam	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Fearóiciainíd photaisiam ≥ 99 % Foirm sholadach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Fearóiciainíd photaisiam arna táirgeadh trí shintéis cheimiceach Uimhir CAS: 14459-95-1 Foirmle cheimiceach: K ₄ [Fe(CN) ₆] 3H ₂ O Taise ≤ 1 % Ábhar dothuaslachta in uisce ≤ 0,03 % Ian clóiríde (Cl) ≤ 0,2 % Sulfáit (SO ₄) ≤ 0,1 % Ciainíd shaor do-bhraite Fearóiciainíd do-bhraite <i>Modh anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le fearóiciainíd photaisiam sa bhreiseán beathaithe a shaintréithriú: — Monagraf FAO JECFA <i>Ferrocyanides of calcium, potassium and sodium</i> Maidir le fearóiciainíd i gclóiríd sóidiam a chinneadh: — speictreafótaiméadracht ag 700 nm	Turcaithe lena ramhrú agus turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin Béaróga Mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin Speicis muc-ainmhithe Athchogant-aigh Ainmhithe de chineál camaill Coiníní Eachainmhithe Éisc eite Madraí Cait	—	—	80	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 2. Is i gclóiríd sóidiam amháin a úsáidfear an breiseán. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: 'Ná measc fearóiciainíd photaisiam le haigéid láidre' ⁽²⁾. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú.	4 Bealtaine 2035
			Gach speiceas ainmhíoch eile	—	—	60		

⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

⁽²⁾ Aigéid láidre: aigéid a bhfuil pKa < -2 in uisce acu.